BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Chéad Dlísheomra)

8 Bealtaine 2025*

(Tarchur chun réamhrialú – Comhshaol – Treoir 2011/92/AE – Measúnacht a dhéanamh ar éifeachtaí tionscadal poiblí agus príobháideach áirithe ar an gcomhshaol – Na tionscadail a liostaítear in Iarscríbhinn II – Cinneadh maidir leis na tionscadail a bheidh faoi réir measúnacht tionchair timpeallachta (scagadh) a chinneadh – Airteagal 9a – Coinbhleachtaí leasa a chosc – Trasnú idir fheidhmeanna an fhorbróra agus an údaráis inniúil chun an cinneadh sin a dhéanamh – Deighilt iomchuí idir na feidhmeanna atá i gcoinbhleacht)

I gCás C-236/24,

IARRAIDH ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE, ón Raad van State (an Chomhairle Stáit, an Bheilg), trí bhreith an 26 Márta 2024, a fuarthas ag an gCúirt an 29 Márta 2024, sna himeachtaí

Provincie Oost-Vlaanderen,

Sogent

v

KG,

WA,

tugann AN CHÚIRT (an Chéad Dlísheomra)

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: F. Biltgen, Uachtarán Dlísheomra, T. von Danwitz, Leas-Uachtarán na Cúirte, ag feidhmiú mar Bhreitheamh den Chéad Dlísheomra, A. Kumin, I. Ziemele agus S. Gervasoni (Rapóirtéir), Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: A. Rantos,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– Provincie Oost-Vlaanderen agus Sogent, ag T. Quintens agus S. Ronse, advocaten,

* Teanga an cháis: an Ollainnis.

– KG agus WA, ag J. De Staercke, advocaat,

– Rialtas na Beilge, ag S. Baeyens, P. Cottin agus C. Pochet, i gcáil Gníomhairí,

– an Coimisiún Eorpach, ag M. Noll-Ehlers agus G. Wils, i gcáil Gníomhairí,

tar éis cinneadh a dhéanamh, i ndiaidh an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, breith a thabhairt ar an gcás gan Tuairim,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú Airteagal 9a de Threoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le measúnacht a dhéanamh ar éifeachtaí tionscadal poiblí agus príobháideach áirithe ar an gcomhshaol (IO 2012 L 26, lch. 1), arna leasú le Treoir 2014/52/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 (IO 2014 L 124, lch. 1) ('Treoir 2011/92').

2 Rinneadh an iarraidh seo in imeachtaí idir Provincie Oost-Vlaanderen (Cúige Fhlóndras Thoir, an Bheilg) agus Sogent, ar thaobh amháin, agus KG agus WA, ar an taobh eile, maidir le húdarú a deonaíodh le haghaidh tionscadal chun láithreán níocháin a thiontú.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais Eorpaigh

Treoir 2011/92

3 Foráiltear le hAirteagal 4 de Threoir 2011/92:

'1. Faoi réir Airteagal 2(4), beidh na tionscadail a liostaítear in Iarscríbhinn I faoi réir measúnú, i gcomhréir le hAirteagail 5 go 10.

2. Faoi réir Airteagal 2(4), maidir leis na tionscadail a liostaítear in Iarscríbhinn II, cinnfear na Ballstáit ar cheart go mbeidh an tionscadal faoi réir measúnú, i gcomhréir le hAirteagail 5 go 10. Déanfaidh na Ballstáit an cinneadh sin ar an mbonn seo a leanas:

a) scrúdú ar bhonn cás ar chás;

nó

b) tairseacha nó critéir arna socrú ag an mBallstát.

Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh an dá nós imeachta dá dtagraítear i míreanna (a) agus (b) a chur i bhfeidhm.

[...]

4. I gcás ina gcinnfidh na Ballstáit cinneadh a éileamh le haghaidh na dtionscadal a liostaítear in Iarscríbhinn II, cuirfidh an forbróir faisnéis ar fáil maidir le tréithe an tionscadail agus leis na héifeachtaí suntasacha ar dócha go mbeidh aige ar an gcomhshaol. [...]

5. Déanfaidh an t-údarás inniúil a chinneadh ar bhonn na faisnéise arna soláthar ag an bhforbróir i gcomhréir le mír 4 agus, i gcás inarb infheidhme, torthaí an scagtha nó na measúnuithe ar an tionchar ar an gcomhshaol arna ndéanamh de bhun reachtaíocht an Aontais seachas an Treoir seo. Cuirfear an cinneadh ar fáil don phobal agus:

a) sonrófar, i gcás ina gcinnfear go bhfuil gá le measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol, na príomhchúiseanna leis an gcinneadh an measúnú sin a éileamh i bhfianaise na gcritéar ábhartha a liostaítear in Iarscríbhinn III; nó

b) sonrófar, i gcás ina gcinnfear nach bhfuil gá le measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol, na príomhchúiseanna gan an measúnú sin a éileamh i bhfianaise na gcritéar ábhartha a liostaítear in Iarscríbhinn III, agus, ar mholadh ón bhforbróir, aon ghné den tionscadal agus/nó na bearta atá beartaithe d'fhonn a sheachaint nó bac a chur ar éifeachtaí díobhálacha suntasacha ar an gcomhshaol a d'fhéadfadh a bheith i gceist murach sin.

[...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

4 Is mar seo a leanas atá an fhoclaíocht in Airteagal 9a de Threoir 2011/92:

'Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh an t-údarás inniúil nó na húdaráis inniúla na cúraimí a eascraíonn as an Treoir seo a chomhlíonadh ar bhealach oibiachtúil agus nach mbeidh siad ina gcúis le coinbhleacht leasa.

I gcásanna inarb é an t-údarás inniúil an forbróir freisin, déanfaidh na Ballstáit, laistigh d'eagrúchán a n-inniúlachtaí riaracháin, deighilt iomchuí ar a laghad a chur i bhfeidhm idir feidhmeanna coinbhleachta agus na dualgais a eascraíonn as an Treoir seo á gcomhlíonadh acu.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Treoir 2014/52

5 Foráiltear le haithrisí 25 agus 26 de Threoir 2014/52:

'(25) Ba cheart oibiachtúlacht na n-údarás inniúil a áirithiú. D'fhéadfaí coinbhleachtaí leasa a chosc trí, *inter alia*, deighilt fheidhmiúil a chur i bhfeidhm idir an t-údarás inniúil agus an forbróir. I gcásanna inarb é an t-údarás inniúil an forbróir freisin, ba cheart do na Ballstáit, laistigh d'eagrúchán a n-inniúlachtaí riaracháin, deighilt iomchuí a chur i bhfeidhm ar a laghad idir feidhmeanna coinbhleachta na n-údarás a dhéanann na dualgais a eascraíonn as Treoir [2011/92] a chomhlíonadh.

(26) D'fhonn a chur ar chumas an údaráis inniúil a chinneadh ar cheart na tionscadail a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir [2011/92], mar aon lena leasuithe nó a síntí, a chur faoi réir measúnacht ar an tionchar ar an gcomhshaol (nós imeachta um scagadh), ba cheart an fhaisnéis a cheanglaítear ar an bhforbróir a sholáthar a shonrú trí thosaíocht a thabhairt do na príomhghnéithe lena gcuirtear ar chumas an údaráis inniúil a chinneadh a dhéanamh. [...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Dlí na Beilge

An Fhoraithne ina bhfuil forálacha ginearálta maidir le beartas comhshaoil

6 Foráiltear mar seo a leanas le hAirteagal 4.3.3(2) den decreet houdende algemene bepalingen inzake milieubeleid (Foraithne ina bhfuil forálacha ginearálta maidir le beartas comhshaoil) an 5 Aibreán 1995 (*Belgisch Staatsblad*, 3 Meitheamh 1998, lch. 15971):

'Sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 4.3.2(2a) agus (3a), ar tarraingíodh suas nóta [scagadh ar thionchar tionscadail ar an timpeallacht] ina leith, déanfaidh an t-údarás a dhéanann cinneadh maidir le hinghlacthacht agus iomláine an iarratais ar údarú don fhorbairt cinneadh maidir leis an ngá [tuarascáil ar an measúnacht tionchair ar an timpeallacht] a tharraingt suas. [...]

[...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

An Fhoraithne maidir le Ceadúnas Comhshaoil

7 Foráiltear mar seo a leanas le hAirteagal 9(2) den decreet betreffende de omgevingsvergunning (Foraithne maidir le ceadúnas comhshaoil) an 25 Aibreán 2014 (*Belgisch Staatsblad*, 23 Deireadh Fómhair 2014, lch. 82132), sa leagan is infheidhme maidir leis na fíorais sna príomhimeachtaí ('an fhoraithne maidir le cead comhshaoil'):

'Déanfaidh an t-oifigeach comhshaoil bardasach na dualgais dá dtagraítear san fhoraithne sin ar bhealach neamhspleách agus neodrach. Ní dhéanfaidh comhlíonadh na ndualgas sin dochar dó.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

8 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 15/1 den fhoraithne sin, atá beartaithe chun Airteagal 9a de Threoir 2011/92 a thrasuí:

'Mar sin féin, chun iarratas ar cheadúnas a dhéanamh le haghaidh tionscadail nó chun tionscadal a athrú, a bhfuil an Feidhmeannas Bardais inniúil ina leith, de réir Airteagal 15, tá an Feidhmeannas Cúige inniúil i gcás ina bhfuil sé sásta go bhfuil an dá choinníoll seo a leanas comhlíonta:

1° gurb ann do mheasúnacht tionchair timpeallachta leis an tionscadal agus nach bhfuarthas aon tarscaoileadh ar an gceanglas;

2° gurb é an Feidhmeannas Bardais tionscnóir agus iarratasóir an tionscadail.

Beidh an Rialtas Pléimeannach, áfach, inniúil chun eolas a ghlacadh agus cinneadh a dhéanamh maidir le hiarratas ar cheadúnas le haghaidh tionscadail nó chun tionscadal a leasú a bhfuil an Feidhmeannas Cúige inniúil ina leith, i gcomhréir le hAirteagal 15, má chomhlíontar an dá choinníoll seo a leanas:

1° gurb ann do mheasúnacht tionchair timpeallachta leis an tionscadal agus nach bhfuarthas aon tarscaoileadh ar an gceanglas;

2° is é an Feidhmeannas Cúige tionscnóir agus iarratasóir an tionscadail.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

9 Foráiltear an méid seo a leanas le hAirteagal 20 den fhoraithne sin:

'Más rud é, i gcomhréir le hAirteagal 4.3.3(2) den [Fhoraithne ina bhfuil forálacha ginearálta maidir le beartas comhshaoil], go n-áirítear nóta san iarratas ar údarú don fhorbairt [scagadh ar thionchar tionscadail ar an timpeallacht], scrúdóidh an t-údarás inniúil dá dtagraítear in Airteagal 15 nó an t-oifigeach comhshaoil bardasach, cúigeach nó réigiúnach an nóta sin agus déanfaidh sé cinneadh maidir leis an ngá atá le measúnú ar an tionchar ar an timpeallacht a tharraingt suas don tionscadal.

Má chuireann an t-údarás inniúil féin an t-iarratas isteach, déanfaidh an t-oifigeach comhshaoil bardasach, cúigeach nó réigiúnach na cúraimí dá dtagraítear sa chéad fhomhír.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

An díospóid sna príomhimeachtaí agus an cheist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

10 Rinne Sogent, comhlacht poiblí a bhfuil pearsantacht dhlítheanach aige, arna bhunú ag Cathair Ghent (an Bheilg), iarratas ar college van burgemeester en schepenen (Feidhmeannas Bardais, an Bheilg) na cathrach sin ar údarú chun tionscadal a chur i gcrích chun láithreán níocháin a thiontú. Chuir sé nóta scagtha i gceangal leis an iarratas sin maidir leis na héifeachtaí a mheastar a bheidh ag an tionscadal sin ar an gcomhshaol, atá beartaithe chun measúnú a dhéanamh ar cheart é a bheith faoi réir measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol.

11 An 1 Meán Fómhair 2020, mheas oifigeach comhshaoil Chathair Ghent nach raibh tionchar suntasach ag an tionscadal sin ar an gcomhshaol agus, dá bhrí sin, nár ghá é a chur faoi réir measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol. An 10 Nollaig 2020, dheonaigh Feidhmeannas Bardais Chathair Ghent an t-údarú a d'iarr Sogent.

12 Thug KG agus WA, úinéirí foirgnimh in aice leis an láithreán lena mbaineann an tionscadal sin, achomharc riaracháin i gcoinne an údaraithe sin os comhair Chúige Fhlóndras Thoir. An 3 Meitheamh 2021, dhíbh an chúige an t-achomharc sin toisc é a bheith gan bhunús.

13 Thionscain KG agus WA caingean le haghaidh neamhniú i gcoinne an chinnidh diúltaithe sin os comhair an Raad voor Vergunningsbetwistingen (an Chomhairle um Díospóidí Ceadúnais, an Bheilg). Le breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2022, dhearbhaigh an chomhairle sin go raibh bunús maith leis an gcaingean sin, chuir sí an cinneadh sin ar neamhní agus dhiúltaigh sí an t-údarú atá i gceist a dheonú. Mheas sí go raibh an cinneadh sin i gcontrárthacht leis an gcéad mhír d'Airteagal 15/1 agus le hAirteagal 20 den Fhoraithne maidir le ceadúnais chomhshaoil agus le hAirteagal 9a de Threoir 2011/92. Ina tuairim, ós rud é go raibh Feidhmeannas Bardais

Chathair Ghent ina fhorbróir '*de facto*' ar an tionscadal freisin, d'aithin sé go mícheart go raibh dlínse aige rialú a thabhairt ar an iarratas ar údarú atá i gceist, toisc go dtugtar an chumhacht sin do deputatie van de Provincie Oost-Vlaanderen (Feidhmeannas Cúige de Chúige Fhlóndras Thoir, an Bheilg) amháin leis an gcéad mhír d'Airteagal 15/1 den Fhoraithne maidir le ceadúnais chomhshaoil, arna léiriú i bhfianaise Airteagal 9a de Threoir 2011/92.

14 Thug Cúige Fhlóndras Thoir agus Sogent achomhairc ar phointí dlí i gcoinne an bhreithiúnais sin os comhair an Raad van State (an Chomhairle Stáit, an Bheilg), arb í an chúirt a rinne an tarchur í.

15 Measann an Raad van State (an Chomhairle Stáit) go bhfuil an anailís a glacadh sa bhreithiúnas sin i gcontrárthacht le hAirteagal 15/1 den Fhoraithne maidir le ceadúnais chomhshaoil.

16 Measann an binse a rinne an tarchur go leanann sé ón Airteagal sin gur faoin bhFeidhmeannas Cúige, seachas an Feidhmeannas Bardais atá sé iarratas ar údarú tionscadail a mheas ach amháin i gcás ina bhfuil sé bunaithe cheana féin, tráth an iarratais sin, nach mór an tionscadal lena mbaineann a bheith faoi réir measúnacht ar an tionchar ar an timpeallacht. Mar sin féin, i gcás ina bhfuil scagadh i gceist le hiarratas ar údarú tionscadail, ar an gcéad dul síos, chun a chinneadh an gá é a bheith faoi réir measúnacht tionchair timpeallachta, is é an t-oifigeach comhshaoil bardasach a bheidh inniúil'.

17 Measann an binse sin, dá bhrí sin, i gcás ina gcuirtear cosc le hAirteagal 9a de Threoir 2011/92 ar chumhacht den sórt sin a dheonú don oifigeach comhshaoil bardasach le haghaidh tionscadail ina bhfuil an bardas ina fhorbróir freisin, nach ndearnadh an tAirteagal sin a thrasuí i gceart sa Réigiún Pléimeannach.

18 Sna himthosca sin, chinn an Raad van State (an Chomhairle Stáit) bac a chur ar na himeachtaí agus an cheist seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

'An bhfuil Airteagal 9a de [Threoir 2011/92] le léiriú sa chaoi nach mór, i gcásanna inarb é an t-údarás inniúil an forbróir freisin, an deighilt iomchuí idir feidhmeanna coinbhleachta agus na dualgais a eascraíonn as an Treoir sin á gcomhlíonadh a chur i bhfeidhm freisin maidir leis an measúnú an bhfuil na tionscadail dá dtagraítear in Airteagal 4(2) den Treoir faoi réir [measúnacht] i gcomhréir le hAirteagail 5 go 10 den Treoir [sin]?'

An cheist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

19 Lena cheist, fiafraíonn an binse a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil Airteagal 9a de Threoir 2011/92 le léiriú sa chaoi, i gcásanna inarb é an t-údarás inniúil a chinneann gur cheart tionscadal dá dtagraítear in Airteagal 4(2) den Treoir sin a bheith faoi réir measúnacht tionchair timpeallachta, i gcomhréir le hAirteagail 5 go 10 den Treoir sin, forbróir an tionscadail lena mbaineann freisin, nach mór deighilt iomchuí a chur i bhfeidhm ar a laghad idir feidhmeanna coinbhleachta agus na dualgais a eascraíonn as an Treoir seo á gcomhlíonadh acu.

20 Mar réamhphointe, ba cheart a mheabhrú go dtagraítear in Airteagal 4(2) de Threoir 2011/92 do na tionscadail a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir sin. Sa chás seo, is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé a dheimhniú go dtagann an tionscadal atá i gceist sna príomhimeachtaí faoin Iarscríbhinn sin.

21 Ba cheart a mheabhrú freisin go gceanglaítear le léiriú ar fhoráil de dhlí an Aontais go gcuirfear san áireamh ní hamháin foclaíocht na forála sin, ach freisin a comhthéacs agus na cuspóirí agus an chríoch a shaothraítear leis an ngníomh ar cuid de í. D'fhéadfadh stair reachtach forála de dhlí an Aontais tosca a bhaineann lena léiriú a nochtadh freisin (breithiúnas an 25 Meitheamh 2020, *A agus páirtithe eile (Tuirbíní gaoithe in Aalter agus in Nevele)*, C-24/19, EU:C:2020:503, mír 37).

22 Ar an gcéad dul síos, maidir le foclaíocht Airteagal 9a de Threoir 2011/92, foráiltear leis an Airteagal sin, sa chéad áit, sa chéad fhomhír di, go n-áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh an t-údarás inniúil nó na húdaráis inniúla na dualgais a eascraíonn as an Treoir sin a chomhlíonadh ar bhealach oibiachtúil agus nach mbeidh siad ina gcúis le coinbhleacht leasa agus, sa dara háit, sa dara mír di, i gcás sonrach inarb é an t-údarás inniúil an forbróir freisin, déanfaidh na Ballstáit laistigh d'eagrúchán a n-inniúlachtaí riaracháin, deighilt iomchuí a chur i bhfeidhm idir feidhmeanna coinbhleachta agus na dualgais a eascraíonn as an Treoir seo á gcomhlíonadh acu ar a laghad.

23 Dá bhrí sin, déantar tagairt san Airteagal sin, sa chéad mhír agus sa dara mír de, do 'na dualgais a eascraíonn as [Treoir 2011/92]'.

24 I gcás ina gcinneann an t-údarás inniúil gur cheart tionscadal dá dtagraítear in Airteagal 4(2) den Treoir sin a bheith faoi réir measúnacht tionchair timpeallachta, i gcomhthéacs nós imeachta a ndéantar cur síos air in aithris 26 de Threoir 2014/52 mar 'scagadh', déanann sé dualgas a eascraíonn as an Treoir sin a chomhlíonadh.

25 Dá bhrí sin, leanann sé ó fhoclaíocht Airteagal 9a de Threoir 2011/92 go bhfuil feidhm ag an bhforáil sin maidir leis an nós imeachta um scagadh sin.

26 Ar an dara dul síos, tacaítear leis an anailís sin leis an gcomhthéacs lena mbaineann an tAirteagal úd.

27 Sa chéad áit, foráiltear le haithris 25 de Threoir 2014/52, i dtéarmaí comhionanna, go mbaineann an deighilt iomchuí idir na feidhmeanna coinbhleachta leis na húdaráis a dhéanann 'na dualgais a eascraíonn as Treoir [2011/92]' a chomhlíonadh, gan infheidhmeacht an cheanglais sin maidir leis an nós imeachta um scagadh sin a eisiamh.

28 Sa dara háit, ba cheart a thabhairt faoi deara go dtagraítear in Airteagal 4 de Threoir 2011/92, ar thaobh amháin, i mír 1 di, do na tionscadail a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin, ar cheart do na Ballstáit a bheith faoi réir measúnacht tionchair timpeallachta, agus, ar an taobh eile, i mír 2 di, do thionscadail a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir sin, ar ina leith a chinnfidh na Ballstáit ar cheart iad a bheith faoi réir measúnú den sórt sin.

29 Thairis sin, faoi Airteagal 4(4) de Threoir 2011/92, i gcás ina gcinnfidh na Ballstáit cinneadh a éileamh le haghaidh na dtionscadal a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir sin, cuirfidh an forbróir faisnéis ar fáil maidir le tréithe an tionscadail agus leis na héifeachtaí suntasacha ar dócha go mbeidh aige ar an gcomhshaol. De réir mhír 5 den Airteagal sin, cinnfidh an t-údarás inniúil, ar bhonn na faisnéise sin, ar cheart an tionscadal a bheith faoi réir measúnacht tionchair timpeallachta.

30 Sa chomhthéacs sin, glactar leis, leis an ngá atá le comhsheasmhacht a áirithiú maidir le cur i bhfeidhm na ráthaíochtaí a leagtar síos in Airteagal 9a de Threoir 2011/92, go bhféadfaidh an t-údarás inniúil cinneadh a dhéanamh ar bhealach oibiachtúil agus nach bhfuil sé ina chúis le

coinbhleacht leasa, go háirithe maidir leis an bhforbróir a sholáthraíonn an fhaisnéis don údarás sin nach mór dó cinneadh a dhéanamh ar a bonn, le linn an nós imeachta um scagadh agus le linn an nós imeachta um measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol araon.

31 Ós rud é go dtagraítear in Airteagal 4(1) agus (2) de Threoir 2011/92 do chur i bhfeidhm Airteagail 5 go 10 den Treoir sin maidir leis an measúnacht tionchair timpeallachta, ní chuirtear cosc leis sin ar Airteagal 9a den Treoir sin a bheith infheidhme freisin maidir leis an nós imeachta um scagadh.

32 Ar an tríú dul síos, ó thaobh na teileolaíochta de, mar is léir ó aithris 25 de Threoir 2014/52, saothraítear leis an gceanglas chun coinbhleachtaí leasa a chosc a leagtar síos in Airteagal 9a den Treoir sin an cuspóir chun oibiachtúlacht na n-údarás inniúil a ráthú. Thairis sin, cuirtear le bunchuspóir na Treorach sin leis an gcuspóir sin, eadhon a áirithiú go mbeidh tionscadail ar dócha go mbeidh tionchar suntasach acu ar an gcomhshaol de bhua, *inter alia*, a gcineáil, a méide nó a suímh, faoi réir measúnacht tionchair timpeallachta, sula dtabharfar údarú (breithiúnas an 29 Iúil 2019, *Inter-Environnement Wallonie agus Bond Beter Leefmilieu Vlaanderen*, C-411/17, EU:C:2019:622, mír 108 agus an cásdlí dá dtagraítear). Dá bhrí sin, le comhlíonadh na gcuspóirí sin, glactar leis go bhfuil feidhm ag Airteagal 9a de Threoir 2011/92 i gcásanna ina bhfíoraíonn an t-údarás inniúil gur cheart tionscadal dá dtagraítear in Airteagal 4(2) den Treoir sin a bheith faoi réir measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol.

33 Bhainfí an bonn d'éifeachtacht Airteagal 9a de Threoir 2011/92 mura ráthaítear oibiachtúlacht na n-údarás inniúil agus easpa coinbhleachtaí leasa ag gach céim de chomhlíonadh na ndualgas a thugtar do na húdaráis sin leis an Treoir sin maidir leis an scagadh agus an measúnú ina dhiaidh sin ar éifeachtaí tionscadail ar an gcomhshaol.

34 Ar an gceathrú dul síos agus ar deireadh, ní chaitear amhras ar an léiriú sin le stair reachtach Airteagal 9a de Threoir 2011/92.

35 Go deimhin, cé go n-áitíonn Cúige Fhlóndras Thoir agus Sogent gur glacadh leasú 19 den Tuarascáil ó Pharlaimint na hEorpa an 22 Iúil 2013 ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2011/92/AE maidir le measúnacht a dhéanamh ar éifeachtaí tionscadal poiblí agus príobháideach áirithe ar an gcomhshaol (COM(2012) 0628], tar éis bhreithiúnas an 20 Deireadh Fómhair 2011, *Seaport (NI) agus páirtithe eile* (C-474/10, EU:C:2011:681), maidir leis an gcás ina bhfuil gá le measúnacht tionchair timpeallachta ar phleananna nó ar chláir áirithe, agus moltar aithris 13b nua, lenar foráladh do chaighdeáin bheachta a thabhairt isteach chun coinbhleachtaí leasa idir an t-údarás inniúil agus forbróir tionscadail atá faoi réir measúnacht tionchair timpeallachta a chosc, gan tagairt a dhéanamh do na tionscadail atá faoi réir nós imeachta um scagadh, ní mór a mheas nach ionann an leasú sin agus foclaíocht aithris 25 de Threoir 2014/52. Thairis sin, níl aon fhoráil i dTreoir 2011/92 lena dteorannaítear cur i bhfeidhm na ráthaíochtaí a leagtar síos in Airteagal 9a den Treoir sin don nós imeachta chun measúnacht tionchair timpeallachta, ach go háirithe. Dá bhrí sin, ní féidir amhras a chaitheamh ar léiriú an Airteagail sin bunaithe ar a fhoclaíocht, a chomhthéacs agus a chuspóirí leis an argóint sin.

36 Leanann sé ón méid sin roimhe seo go bhfuil feidhm ag Airteagal 9a de Threoir 2011/92 i gcásanna ina gcinneann an t-údarás inniúil gur cheart tionscadal dá dtagraítear in Airteagal 4(2) den Treoir sin a bheith faoi réir measúnacht tionchair timpeallachta.

37 Dá bhrí sin, i gcomhréir leis an dara mír d'Airteagal 9a, i gcásanna inarb é an t-údarás inniúil chun an cinneadh sin a dhéanamh forbróir an tionscadail lena mbaineann freisin, déanfaidh na Ballstáit, laistigh d'eagrúchán a n-inniúlachtaí riaracháin, deighilt iomchuí ar a laghad a chur i bhfeidhm idir feidhmeanna coinbhleachta agus na dualgais sin á gcomhlíonadh acu.

38 Ní mór an deighilt iomchuí sin a eagrú ar bhealach is go mbeidh fíor-neamhspleáchas ag an eintiteas riaracháin atá laistigh d'údarás inniúil an cinneadh sin a dhéanamh, ar chaoi go háirithe, go gcuirtear a acmhainní riaracháin agus daonna féin ar fáil dó agus go bhfuil sé in ann, dá bhrí sin, a dhualgas a chomhlíonadh go hoibiachtúil (féach, de réir analaí, breithiúnas an 20 Deireadh Fómhair 2011, *Seaport (NI) agus páirtithe eile*, C-474/10, EU:C:2011:681, mír 43).

39 I bhfianaise an mhéid sin go léir, is é an freagra ar an gceist a tharchuirtear ná nach mór Airteagal 9a de Threoir 2011/92 a léiriú sa chaoi, i gcásanna inarb é forbróir an tionscadail lena mbaineann an t-údarás inniúil a chinneann ar cheart tionscadal dá dtagraítear in Airteagal 4(2) de Threoir 2011/92 a bheith faoi réir measúnacht tionchair timpeallachta i gcomhréir le hAirteagail 5 go 10 de Threoir 2011/92 freisin, ní mór deighilt iomchuí a chur i bhfeidhm idir feidhmeanna coinbhleachta agus na dualgais a eascraíonn as an Treoir seo á gcomhlíonadh acu ar a laghad.

Costais

40 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Chéad Dlísheomra) mar seo a leanas:

Maidir le hAirteagal 9a de Threoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí tionscadal poiblí agus príobháideach áirithe ar an gcomhshaol, arna leasú le Treoir 2014/52/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

i gcásanna inarb é forbróir an tionscadail lena mbaineann an t-údarás inniúil a chinneann ar cheart tionscadal dá dtagraítear in Airteagal 4(2) de Threoir 2011/92 a bheith faoi réir measúnacht tionchair timpeallachta i gcomhréir le hAirteagail 5 go 10 de Threoir 2011/92 freisin, ní mór deighilt iomchuí a chur i bhfeidhm idir feidhmeanna coinbhleachta agus na dualgais a eascraíonn as an Treoir seo á gcomhlíonadh acu ar a laghad.

Sínithe